Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, an 4 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**18123/13**

**Interinstitutional File:**
**2013/0426 (NLE)**

**ASILE 62**
**ISL 18**

**GNÍOMHARTHA REACHTAÍOCHTA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Socrú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |

# SOCRÚ
# IDIR AN tAONTAS EORPACH
# AGUS POBLACHT NA hÍOSLAINNE
# MAIDIR LE MÓDÚLACHTAÍ A RANNPHÁIRTÍOCHTA
# SAN OIFIG TACAÍOCHTA EORPACH DO CHÚRSAÍ TEARMAINN

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

de pháirt, agus

POBLACHT NA hÍOSLAINNE (dá ngairtear 'an Íoslainn' anseo feasta),

den pháirt eile,

Ag féachaint d'Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn[1], dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta,

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS

(1) Sonraítear sa Rialachán, chun a cuspóir a chomhlíonadh, gur cheart go mbeadh an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, dá ngairtear an 'Oifig Tacaíochta' anseo feasta, oscailte do rannpháirtíocht tíortha a bhfuil comhaontuithe curtha i gcrích acu leis an Aontas a bhfuil dlí an Aontais sa réimse a chumhdaítear leis an Rialachán glactha agus á chur i bhfeidhm acu dá mbua, go háirithe, an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin, dá ngairtear na 'tíortha comhlachaithe' anseo feasta,

---

[1] IO AE L 132, 29.5.2010, lch. 11.

(2) Tá comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Íoslainn leis an Aontas a bhfuil dlí an Aontais sa réimse a chumhdaítear leis an Rialachán glactha agus á chur i bhfeidhm aici dá mbua, go háirithe an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua[1],

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

### Méid na rannpháirtíochta

Beidh an Íoslainn rannpháirteach go hiomlán in obair na hOifige Tacaíochta agus beidh sí i dteideal gníomhaíochtaí tacaíochta a fháil ón Oifig Tacaíochta mar a thuairiscítear sa Rialachán agus i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa Socrú seo.

---

1 IO CE L 93, 3.4.2001, lch. 40.

AIRTEAGAL 2

An Bord Bainistíochta

Déanfar ionadaíocht thar ceann na hÍoslainne ar Bhord Bainistíochta na hOifige Tacaíochta i gcáil breathnóra ach ní bheidh ceart vótála aici.

AIRTEAGAL 3

Ranníocaíocht airgeadais

1. Ranníocfaidh an Íoslainn le hioncam na hOifige Tacaíochta suim bhliantúil arna ríomh i gcomhréir lena hOlltáirgeacht Intíre (OTI) mar chéatadán d'OTI na Stát rannpháirteach uile i gcomhréir leis an bhfoirmle atá leagtha síos san Iarscríbhinn.

2. Tabhófar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 ón lá tar éis theacht i bhfeidhm an tSocraithe seo. Déanfar an chéad ranníocaíocht airgeadais a laghdú go comhréireach leis an am atá fágtha sa bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an tSocraithe seo.

## AIRTEAGAL 4

### Cosaint sonraí

1. Agus an Socrú seo á chur i bhfeidhm, déanfaidh an Íoslainn sonraí a phróiseáil i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin[1].

2. Chun críoch an tSocraithe seo, beidh feidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanfaidh an Oifig Tacaíochta ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 i dtaca le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[2].

3. Urramóidh an Íoslainn na rialacha maidir le rúndacht doiciméad atá i seilbh na hOifige Tacaíochta, mar a leagtar amach i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Bainistíochta iad.

---

1 IO CE L 281, 23.11.1995, lch. 31.
2 IO CE L 8, 12.1.2001, lch. 1.

## AIRTEAGAL 5

### Stádas dlíthiúil

Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an Oifig Tacaíochta faoi dhlí na hÍoslainne agus beidh aici san Íoslainn an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoi dhlí na hÍoslainne. Féadfaidh sí, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

## AIRTEAGAL 6

### Dliteanas

Beidh dliteanas na hOifige Tacaíochta faoi rialú ag Airteagal 45 (1), (3) agus (5) den Rialachán.

## AIRTEAGAL 7

### Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Tabharfaidh an Íoslainn aitheantas do dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an Oifig Tacaíochta, mar a fhoráiltear in Airteagal 45 (2) agus (4) den Rialachán.

## AIRTEAGAL 8

### Foireann na hOifige Tacaíochta

1. I gcomhréir le hAirteagail 38 (1) agus 49 (1) den Rialachán, le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, beidh feidhm ag na rialacha arna nglacadh go comhpháirteach ag institiúidí an Aontais chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta sin a chur i bhfeidhm agus ag na bearta cur chun feidhme arna nglacadh ag an Oifig Tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 38 (2) den Rialachán maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne a earcóidh an Oifig Tacaíochta mar bhaill foirne iad.

2. De mhaolú ar Airteagal 12 (2) (a) agus Airteagal 82 (3) (a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne a bhfuil a gcearta iomlána mar shaoránaigh acu, féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hOifige Tacaíochta iad a fhostú faoi chonradh i gcomhréir leis na rialacha atá ann cheana maidir le baill foirne a roghnú agus a fhostú arna nglacadh ag an Oifig Tacaíochta.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* maidir le náisiúnaigh na hÍoslainne ag Airteagal 38 (4) den Rialachán.

4. Ní fhéadfar náisiúnaigh na hÍoslainne a cheapadh, áfach, i bpost Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hOifige Tacaíochta.

AIRTEAGAL 9

Pribhléidí agus díolúintí

Cuirfidh an Íoslainn Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh[1] mar aon le haon rialacha arna nglacadh de bhun an Phrótacail sin a bhaineann le cúrsaí foirne na hOifige Tacaíochta i bhfeidhm maidir leis an Oifig Tacaíochta agus lena foireann.

AIRTEAGAL 10

An chalaois a chomhrac

Cuirfear na forálacha a leagtar amach in Airteagal 44 den Rialachán i bhfeidhm agus féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Chúirt Iniúchóirí na cumhachtaí a thugtar dóibh a fheidhmiú.

Cuirfidh OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí *Ríkisendurskoðun* ar an eolas in am trátha faoi aon rún atá acu seiceálacha nó iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh, seiceálacha agus iniúchtaí a fhéadfar a dhéanamh, más mian le húdaráis na hÍoslainne é, go comhpháirteach le *Ríkisendurskoðun*.

[1] IO AE C 83, 30.3.2010, lch. 266.

## AIRTEAGAL 11

### An Coiste

1. Déanfaidh Coiste, ar ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ón Íoslainn a bheidh air, faireachán ar chur chun feidhme cuí an tSocraithe seo agus áiritheoidh sé próiseas leanúnach maidir le soláthar faisnéise agus malartú tuairimí ina leith sin. Ar chúiseanna praiticiúla, tiocfaidh an Coiste le chéile i gcomhpháirt leis na Coistí comhfhreagracha arna mbunú le tíortha comhlachaithe eile atá rannpháirteach ar bhonn Airteagal 49 (1) den Rialachán. Tiocfaidh sé le chéile arna iarraidh sin don Íoslainn nó don Choimisiún Eorpach. Cuirfear Bord Bainistíochta na hOifige Tacaíochta ar an eolas faoi obair an Choiste.

2. Reachtaíocht atá á beartú de chuid an Aontais, a dhéanann difear díreach don Rialachán nó a leasaíonn é nó a meastar go mbeidh impleachtaí aici maidir leis an ranníocaíocht airgeadais a leagtar síos in Airteagal 3 den Socrú seo, déanfar faisnéis faoin reachtaíocht sin a chomhroinnt agus déanfar malartú tuairimí ina leith sa Choiste.

## AIRTEAGAL 12

### Iarscríbhinn

Beidh an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Socrú seo ina cuid dhílis den Socrú céanna.

## AIRTEAGAL 13

### Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Socrú seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin. Tabharfaidh siad fógra dá chéile maidir le cur i gcrích na nósanna imeachta sin.

2. Tiocfaidh an Socrú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí tar éis lá an fhógra dheireanaigh dá dtagraítear i mír 1.

## AIRTEAGAL 14

### Foirceannadh agus bailíocht

1. Tabharfar an Socrú seo i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

2. Féadfaidh gach Páirtí Conarthach, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste, an Socrú seo a shéanadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí Conarthach eile. Scoirfidh an Socrú seo d’fheidhm a bheith aige 6 mhí tar éis dáta an fhógra sin.

3. Déanfar an Socrú seo a fhoirceannadh i gcás ina bhfoirceannfar an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua.

4. Dréachtófar an Socrú seo i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris agus san Íoslainnis, agus comhúdarás ag gach téacs díobh.

Arna dhéanamh i/sa ……, an …… lá de …… sa bhliain ……

| | |
|---|---|
| …………………………………. | ………………………………… |
| Thar ceann an Aontais Eorpaigh | Thar ceann Phoblacht na hÍoslainne |

**IARSCRÍBHINN**

FOIRMLE CHUN AN RANNÍOCAÍOCHT A RÍOMH

1. Déanfar ranníocaíocht airgeadais na hÍoslainne le hioncam na hOifige Tacaíochta a shainítear in Airteagal 33 (3) (d) den Rialachán a ríomh mar seo a leanas:

   Déanfar na figiúirí deiridh is nuashonraithe d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hÍoslainne a bheidh ar fáil an 31 Márta gach bliain a roinnt ar shuim na bhfigiúirí de OTI na Stát uile atá rannpháirteach san Oifig Tacaíochta a bheidh ar fáil don bhliain chéanna. Cuirfear an céatadán a gheofar i bhfeidhm maidir leis an gcuid d'ioncam na hOifige Tacaíochta údaraithe mar a shainítear in Airteagal 33 (3) (a) den Rialachán sa bhliain atá á breithniú chun méid ranníocaíocht airgeadais na hÍoslainne a fháil.

2. Is in euro a íocfar an ranníocaíocht airgeadais.

3. Íocfaidh an Íoslainn a ranníocaíocht airgeadais tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis an nóta dochair a fháil. Má tharlaíonn aon mhoill íocaíochta, beidh ús mainneachtana le híoc ag an Íoslainn ar an méid gan íoc ón dáta dlite. Is é a bheidh sa ráta úis an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, arna fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí ina dtiteann an sprioc-am, arna mhéadú 3,5 pointe céatadáin.

4. Oiriúnófar ranníocaíocht airgeadais na hÍoslainne i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo nuair a dhéanfar an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas arna hiontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais mar a shainítear in Airteagal 33 (3) (a) den Rialachán í a mhéadú de bhun Airteagail 26, 27 nó 41 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle[6]. I gcás den sórt sin, beidh an difríocht dlite 45 lá tar éis an nóta dochair a fháil.

5. I gcás nach mbeidh creidmheasanna íocaíochta na hOifige Tacaíochta a fuarthas ón Aontas de réir Airteagal 33 (3) (a) den Rialachán a bhaineann le bliain N caite faoin 31 Nollaig de bhliain N, nó i gcás ina ndéanfar buiséad na hOifige Tacaíochta don bhliain N a ísliú i gcomhréir le hAirteagail 26, 27 nó 41 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, aistreofar an chuid de na creidmheasanna íocaíochta sin nár caitheadh nó a íslíodh agus a chomhfhreagraíonn do chéatadán na ranníocaíochta a rinne an Íoslainn chuig buiséad bhliain N+1 den Oifig Tacaíochta. Dá réir sin, laghdófar ranníocaíocht na hÍoslainne le buiséad na hOifige Tacaíochta do bhliain N+1.

________________

[6] IO AE L 298, 26.10.2012, lch. 1.